CLOIĊEANNAOLA

I dTeaċ Pobail Naoṁ Ḟinéin, Falcarraċ, pósaḋ Seán S. Ó Gallċoḃair, mac is sine do Seosaṁ Ó Gallċoḃair, agus a ḃean, Luinneaċ. Doire Ḃeag, agus Máire S. Ní Ḟearraiġ. dara iníon do Pádraic Ó Fearraiġ, ⁊ Ḃean Uí Ḟearraiġ, Drom Finn, Falcarraċ. An tAṫair A. Ó Searcaiġ, S.C., Falcarraċ, a ṗós iad. Aifreann an Ṗósta agus Ḃeannaċt an Ṗápa. A h-aṫair a ṫug an ḃrídeóig le pósaḋ agus ḃí sí ag caiṫeaṁ gúna goirid do lása draíoċta, ḃéil go dtí na guailneaċa, agus d'iompair sí blá-ḟleasc do carnations dearga. Síle, deirfiúr na brídeoige, ⁊ Niall Ó Gallċoḃair, deartár an fir, a ḃí ag báiteoireaċt leo. I "Radarc an Eargail." Doire Ḃeag, a ḃí an ḃainis. Ḃí an ḃrídeog ina bainisteoir ar Donegal Industries Teo., Falcarraċ, ⁊ ṫug na h-oibriṫe ansin bronntanas pósta di.

Tá Bord Iascaireaċta Leitir Ceanainn a' taḃairt go gcuirfear an dlí ar ḋuine ar biṫ a mbeirfear air ag caiṫeaṁ bruscar ṫart fá Aḃainn a' Ġleanna, in aice le Gort a' Ċoirce. Ag cruinniú an Ḃoird, dúirt Seán Mac Páidín go raiḃ dumpáil ag déanaṁ doċar mór do iasc. Dúirt an Dr. Mac an tSaor go dtug sé tuairisc ar seo tamall fada ó ṡin, gan toraḋ. Ḃíotar ag caiṫeaṁ an bruscar ón stáisiún trátaí isteaċ san aḃainn.

San ċéad tarraingt de ċiorcail airgid scoláirí gairm-scoil Gort a' Ċoirce, ḃuaiġ Pól Mac Aoḋa. Baile Láir, an ċéad duais £5, agus Péigí Ní Ḋoċartaiġ, Baile Lár, a fuair duais an díoltóra. Ḃuaiġ Seán Mac Aoḋa, Cill Ult, Pádraig Ó Gallċoḃair, Béal an Ḟeaḋ, agus Seán Ó Domhnaill, Gort a' Ċoirce, £1 an duine.

Áine Nic Ġiolla Ċearra, O.S., Bealtaine, a ḃuaiġ an ċéad duais ag an ċluiċe fuist i seanscoil Gort a' Ċoirce agus Caitlín Ní Ḟearraiġ, Caiseal, an ċéad duais do na mná, agus ḃí Míċeál Ó Canainn, Caoldrom, Brian Ó hAircín, Ard Ḃeag, agus Pádraic Mac Páidín, Caoldrom, coṫrom do duais na ḃfear. Ḃean Uí Ċurráin, An Garáiste, a fuair an duais speisialta.

Beiḋ oiliṫreaċt paráiste Cloiċeannaola go Lourdes ar an 23ú lá do Lúnasa. Ċuaiġ scaifte mór ar an turas seo anuraiḋ, faoi ṫreoir Sagart na Paráiste, an Dr. Ó Siail, a ḃfuil an eolas aige fá Lourdes agus leaḃar foilsiṫe aige fá dtaoḃ de. Ḃí cuid ṁaiṫ daoine naċ dtiocfaḋ leo fáil air, toisc gur ḟág siad ró ṁall é, agus tá súil go mbeiḋ aċan ḋuine agus a gcuid ainmneaċa istiġ acu in am i mbliana.

Ḃí aonaċ maiṫ i nGort a' Ċoirce, an ṁí seo. Níos mó eallaċ ar tairiscint agus na luaċa coṁ h-ard agus a ḃí. Ḃí lorg mór ar eallaċ bainne go speisialta agus tairgeaḋ £75 do ḟear aṁáin ar ḃó bainne aċ ḋiúltaiġ sé é.

Níl ceannaċ ar biṫ ar uiḃeaċa fá'n áit anois agus níl aċ 2s. an dosaen orṫa, rud naċ ndíolfaiḋ a gcuid ċor ar biṫ. Ba gnáṫ le 4s. an dosaen a ḃeiṫ orṫa fá'n am seo ḃliain.

Ċonactas cuid mór scaoíeanna scadán i mBáiġ Ṁaċaire Rabartaiġ, aċ níor éiriġ leis na hiascairí aċ beagán acu a tógáil go fóill, aċ tátar a' súil go mbeiḋ siad níos fearr an tseaċtain seo.

Is mór an t-aṫrú é i bparáiste Ċloiċeannaola a ḃeiṫ a' taḃairt préataí isteaċ ón Lagán ⁊ an taoḃ ṫoir den ċondae, agus sin mar tá i mbliana. Níor éiriġ leis na préataí go maiṫ anuraiḋ ar ċor ar biṫ, agus tá gantanas ann frid an ṗaráiste. Ḃí lorraí a ṫug isteaċ préataí ó ḃaile isteaċ a dul ó ḋoras go doras agus a' díol préataí ag 25s. an cdm. Agus aṫrú eile is ea é go ḃfuil lorraiṫe guail ag dul ṫart frid na bailte a' díol gual ó ḋoras go doras.

Tá luċt na dtiṫe gloine íontaċ gnóṫaċ na laeṫa seo ag ullmú na dtiṫe gloine fá ċoinne na trátaí a ċur. Sé an ċeist mór ar ndóiġe. goidé ċoṁ lua agus is féidir na trátaí a ḃeiṫ réiḋ le cur ar an ṁargaḋ. Rinneaḋ trial anuraiḋ i dteaċ gloine Dónal Ó Curráin, Sruṫán, le plandaí úra as Baile Áṫa Cliaṫ, agus d'éiriġ leis ċoṁ maiṫ sin leis an bárr a ċur ar an ṁargaḋ ċoṁ lua, go ḃfuilir ag leanúint den trial insan teaċ gloine céanna i mbliana, agus Dé Máirt seo caite cuireaḋ na plandaí ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ insan teaċ gloine seo. Tá cúpla plean úr aige i mbliana agus tá sé ag súil le iad a ḃeiṫ ar an ṁargaḋ níos luaiṫe agus toraḋ níos fearr a ḃeiṫ aige orṫa.

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ḟalċarraċ, cáineaḋ Dónal 'Ac Cuṁaill. Cnoc Fola, Broinn na Leice 10s. ar ċúis tiomáint neaṁċúramaċ gluaisteán ag Glasar Cú, Mín Láraċ, ar an 29ú lá do Iúil seo caite. Ṫug Seán Mac Giolla Uain, fianaise go raiḃ sé ag tiomáint bealaċ Gort a' Ċoirce, nuair a ṫáiniġ gluaisteán 'Ac Cuṁaill ṫart an coirnéal, agus b'éigin dó ḋul isteaċ tar gruaiḋṁín an ḃealaí ċun é ṡeaċaint. Ḃuail sé in éadan balla. Dúirt 'Ac Cuṁaill gur ṫáiniġ sé ṫart an coraḋ ar a ṫaoḃ féin den ḃóṫar agus naċ ḃfaca sé tada ag tárlú.

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ḟalċarraċ, cáineaḋ Séamas Montgoméirí. Dún Mór, Falċarraċ 1s. agus h-ordaíoḋ dó £6-12-0 costaisí a íoc ar tógairm as cromduan a ḃeiṫ ina ṡeilḃ ar aḃainn Ruaiḋe, An Ḟalċarraċ, fá ċoinne iasc a tógáil. Ḃí P. Ó Doṁnaill, T.D., ar son Bord Iascaireaċta Leitir Ceanainn, agus S. S. Delap, ar son an ċosantóra. Ṫug an Báille Ó Donaċaí fianaise go ḃfaca sé fear le cromduan ag cromaḋ síos ag an aḃainn ar an 31ú lá do Lúnasa seo caite. agus go dtáiniġ sé na ċóir.

Dé Doṁnaiġ seo ċugainn, an 21ú Feaḃra, beiḋ ócáid mór ar an Ḟálċarraċ, nuair a béas na cluiċí leaṫ-ċeannais don ċeantar insan liaṫróid láiṁe ar siúl insan pionúr nua ar an Ḟálcarraċ. Beiḋ an Gárda Noel Conefraiġ, ar son an Fálċarraċ, ag imirt i gcoinniḃ Seán Mac Aoḋa, ó Loċ an Iubar. agus Dominic Mac Aṁlaiġ, as Leitir Ceanainn ag imirt in éadan S. Ó Géanaí, as Gort a' Ċoirce. Imreófar an cluiċe ceannais an tráṫnóna céanna. An Doṁnaċ na ḋiaiḋ sin, beiḋ an té ḃaineas ag an Ḟalcarraċ ag imirt in éadan Ardṁaċa san Lurgan, mar cuid de cluiċí ceannais an ġrúpa.

Ḃí cuid ṁór géaċa fiáine ṫart fá'n ċeantar seo ar na mallaiḃ. Ní naċ ionaḋ, ḃí go leor daoine amuiġ ag scaoileaḋ agus scaoileaḋ cuid ṁaiṫ acu. Is mór an spórt a bíos leis na géaċa fiáine seo agus is mór an tairḃe iad fosta.

AN MÚINTEOIR NÁISIÚNTA

Ar an Ċéadaoine na seaċtaine seo caite, ṫáiniġ eagrán mí Eanair do 'An Múinteoir Náisiúnta' amaċ. Tá cuntas ann ar leaṫanaċ 12 faoi An Páipéar Bán. Léiġeamar é. agus taréis roinnt línte a léaṁ tuigeamar naċ é an Páipéar Bán a ḃí i gceist, ċor ar biṫ, aċ Páipéar Bán a ċuir an Roinn Oideaċais Béal Feirste amaċ, faoi ċúrsaí oideaċais ansin, san am atá le teaċt. Ċuartaíomar frid an eagrán go léir, ní raiḃ focal ann faoi an Páipéar Bán s'againne.

DAINGEAN

Anois go ḃfuil inneall muċta tine níos fearr le fáil ag an Daingean, tá doċas insan gceantar naċ fada go raġaiḋ an Coṁairle Condae ar aġaiḋ leis na pleananna a ḃí acu le tamall maiṫ fá ċoinne stáisiún tine a tógáint ar an Daingean.

Cúis bróin sa gceantar ar fad, bás Brío Ḃean Uí Ṡúilleaḃáin. An Príoṁ Sráid, An Daingean. ag na tiġ cónaí féin, ar an Saṫarn seo caite. Ċuaiġ an soċraid go reilig Cill Droma ar an Luan.

An tseaċtain so caite leis, d'éag Seán Ó Súilleaḃáin, feirmeoir, Gulán Ṫoir, Lios Pól. in aois a 94 bliana. Ċuaiġ an soċraid go reilig an Éanaċ Scáil an lá céanna.

CORCA DUIḂNE

Níl aon áḃar cainte tríd an ndúṫaiġ ar fad anois, aċ an méid des na préaċáin atá na luí marḃ timpeall tránna Ċuan an Daingin. Tá a ṫuairim féin ag gaċ duine, agus a ṁíniú féin ag gaċ duine fé. Daoine adeireann gur ċaill siad an slí insan ċeo, a ḃí anuas ar ċeantar an Daingin an tseaċtain seo ċaite, daoine eile gur niṁ a fuair siad. agus daoine adeir gur niṁ ó ceimicí ar baineaḋ úsáid asta le fiaile a ṁarú, a ḋein an beart. Ḃí sé de nós ag na préaċáin eiteall treasna an ċuain gaċ tráṫnóna go dtí na neadanna ins na coillte timpeall an Góilín. Tráṫnóna Dé Luain ní raiḃ oiread agus éan aṁáin le feiscint. Idir seo agus bás na mbradán timpeall an Corrán, tá imní ar ṁuintir Ċiarraí agus tá daoine ann adeir gur rad-gníoṁaíoċt is cúis leis.

UIḂ RAṪAĊ

Ba ṁór ar fad an aois a ḃí ag Eiḃlín Ḃean Ḃreaṫnaċ, Sráid Seana Oifig an Ṗoist, a d'éag Dé Saṫairn seo caite, in aois a 96 bliana. Ḃí ciall agus caint aici suas go dtí an tinneas deiriḋ. Ba ṡeana ḃean críonna í. a raiḃ árd ṁeas uirṫi insan gceantar máguairt, agus ba speisiúil na scéalta a ḃíoḋ aice fa nósanna an tseana saoil.

OIBRE

Is deas maisiúl an dara cuid amaċ de "Oibre", leaḃrán Ḃord na nOibreaċa Poiblí. Tá dréaċt an speisiúil ann faoi an sagas scoltaċa a ḃíotar a' tógáil i nÉirinn le tamall anuas, maille le somplaí agus léaráidí den ċineál scoltaċa a tógaḋ ó 1860 anuas go dtí 1964, agus cuntas fé leit ar an cineál nua scoltaċa náisiúnta agus eile atá bunaiṫe ar gaċ rang seomra mar aonad leis féin agus a ċuid seomra clócaí agus leiṫris féin ag gaḃáil leis. Aċ, cé go n-oireann na h-aonaid seo go breá do scoltaċa móra bailte agus caṫraċa, is deacair a ḟeiceáil conus mar a d'oirfeaḋ siad ċoṁ maiṫ do scoltaċa measctá tuaiṫe.

Cuntas an speisiúil freisin ar Ilnacuillin, Oileán insan Gleann Garḃ — oileán ar leis an Stát anois é. Pictiúr an deas ar fad do Gallaras i gCorca Duiḃne ar leaṫnaċ 14 de. Léaráid den tsean Ḃearra agus pictiúr den Ḃearra nua ar an Ċoiriḃ, maille le cuntas maiṫ ar an dá ċeann.

Agus san dréaċt deireannaċ san leaḃrán tá cuntas an úsáideaċ ar fad ar Oifig na nOibreaċa Poiblí, mar bunaíoḋ agus mar ḟorbair sé, agus an obair a ḋeineann sé ar son an Rialtais agus na ranna fé leit.

Is úsáideaċ an rud eolas mar seo a scaipeaḋ don ṗobal. agus tá molaḋ ag dul don Uasal Donnċa Ó Máille, as an leaḃrán seo a ċur ar fáil.

GAOṪ DOBAIR

Ag cruinniú cinnbliana Bantraċ na Tuaiṫe i nGaoṫ Dobair, ins na scoltaċa ar an Bunbeag, togaḋ: Uaċtarán, Ḃean Uí Ġealagáin; Leas-uaċtarán, Máire Bn. Uí Friġil; rúnaí, Treasa Bn. de Lapp; cisteoir, Mollaí Bn. Uí Ġallċoḃair; ionadaí-nuaċtán, Bn. Ṫomáis Uí Ġallċoḃair. Coiste—Bn. Uí Ḃreisleáin, Bn. Uí Ḃaois; Bn. Ṁic Niallġuis, Maí Ḃóid ⁊ Máire Ḃean Uí Ḋuiḃir. Ṫug an iar-uaċtarán, Bn. Ċormaic Uí Ḃreisleáin, buíoċas do na baill as a gcó-oibriú ar feaḋ na bliana, agus ṫug Ḃean Arnold buíoċas don ṗobal as freastal ar imeaċtaí an ċumainn.

Ḃí an bás gnóṫaċ le seaċtainí anuas agus is ioma teaġlaċ atá faoi ḃrón i nGaoṫ Dobair na laeṫa seo. An tseaċtain seo caite, ṫáiniġ an bás ar Séamas Mac Ruaiḋrí, Coitín. Doire Ḃeaga, in ospidéal i mBaile Áṫa Cliaṫ. Fear ionraice agus fear díreaċ a ḃí ann, a raiḃ na coṁarsain uilig go maiṫ dó. Ḃí suim mór aige i ngnóṫaí Gaoḃ Dobair, agus ḃí árd-ṁeas ag an pobal uiliġ air. Ar feaḋ an ḟaire, ḃí an sluaiṫe amaċ is isteaċ go dtí an teaċ ag déanaṁ coṁḃrón lena ṁuinntir. agus scaifte an ṁór ar fad nuair a tugaḋ an corp go dtí Teaċ Pobail Naoṁ Muire. Doire Ḃeaga, óna ṫeaċ cónaí féin. An tAṫair Eoin Ó Fríl, S.C.. Leitir Ceanainn, gaol dó, a léiġ Aifreann na Marḃ ar a ṡon. Ḃí an tórraṁ go Maċaire Gálainn. agus ḃí ionadaí ón ṗaráiste uilig i láṫair ag an tórraṁ. Nítear coṁḃrón lena ḃean céile, Máire Ḃean Ṁic Ruaiḋre, le Antoine Mac Ruaiḋre, B.D.S., Lurgan, Seán Mac Ruaiḋrí. U.S.., Caitlín Nic Ruaiḋrí, U.S., agus a ġaolta go léir. Ag na paidreaċa ag an uaiġ ḃí an Canónaċ Ó Baoill, S.P., An tAṫair Eoin Ó Fríl, E.I.. An tAṫair Ó Cnáiṁsí, Árd Scoil Ṁuire, an tAṫair S. Mioṫáin, S.C., Naoṁ Ṁuire, Doire Ḃeaga agus an tAṫair P. Mac an tSaor. Cnoc Fola.

An tseaċtain seo caite fosta, d'éag Séamas Mac Giolla Ḃríde, O.S., Dún Luaiṫe, taréis tinneas gearr. Ba as Baile an Droiċid, Bunbeag é. agus ḃí sé ag teagasc i nDún Luaiṫe gur éiriġ sé as, roinnt blianta ó ṡin. Fear cráifeaċ diaḋanta a ḃí ann agus d'iompair sé an tinneas deireannaċ go foiġideaċ. Tugaḋ an corp go teaċ pobail Dún Luaiṫe, an áit ar ḋúirt an tAṫair S. Ó Mionáin, S.C., Aifreann na Marḃ ar a ṡon. agus na ḋiaiḋ sin ċuaiġ an tórraṁ go dtí reilig Dún Luaiṫe. Nítear coṁḃrón le Máire Nic Giolla Ḃríde. iníon agus Máiréad Nic Giolla Ḃríde. Baile an Droiċid, Bunbeag, deirfiúr, agus lena ġaolta.

Ḃí slua mór i láṫair ag an gcruinniú cinnbliana de Ċumann Lúṫċleas Gael, Gaoṫ Dobair, Dé Saṫairn seo caite. i halla na Maċaireaċa. Ḃí neart le rá ann ar tuairiscí na bliana seo caite. agus moltaí fá ċoinne obair na bliana atá róṁainn. Tá dóċas i nGaoṫ Dobair muna mbíonn an Cumann millte ag an imirce go raċaiḋ siad píosa maiṫ i mbliana. Tá léig na paráiste indiaiḋ maiṫeas mór ar fad a déanaṁ de na h-imireoirí óga ⁊ suim agus díogras san peil a ṁúscailt agus a spreagaḋ frid pobal Gaoṫ Dobair.

Coṁġáirdeaċas le Doiminic Ó Gallċoḃair, agus a ḃean Neillí, Sraiṫ na Drua, atá indiaiḋ ceiliúraḋ a déanaṁ ar Cuiṁneaċán Órda a bpósaḋ. Pósaḋ iad i dTeaċ Pobail Muire, Doire Ḃeaga, ar an 8ú lá do Feaḃra. 905. Tá triúr iníonaċ agus seisear mac beo acu. Tá triúr de na mic agus iníon aṁáin in Albain, agus an cuid eile i bparáiste Gaoṫ Dobair sa ḃaile. Fuair siad mórán teaċtaireaċtaí coṁġáirdeaċas. Tá scot sláinte ag an beirt acu buíoċas le Dia.

Ḃí Ḃean P. Uí Ġealagáin. caṫaoirleaċ, i gceannas ag cruinniú míosúil Craoḃ Bantraċ na Tuaiṫe ar an Bunbeag. Ḃí féasta na craoiḃe ar an 18ú lá de ṁí Feaḃra, agus ar an 25ú lá den ṁí seo (Diardaoin seo ċugainn). beiḋ ceiliúraḋ le airgead a tógáil fá ċoinne an ciste scoláireaċta. Le linn an ċruinniṫe, ḃí ceaṫrúuaire de ċleaċtaiṫe aiciliocta ar baineaḋ an sult as. Críoċnaíoḋ an cruinniú le Claisceadal. An Luan roiṁe sin, ṫug an tAṫair E. Ó Cnáiṁsí, taispeántas scannán ar an turas deireannaċ a rinn sé go Meiriceá, rud ar ċuir na mná an spéis as. Ṫaispeáin sé roinnt scannáin deasa den ṗaráiste fosta, an cósta agus radarcanna deasa de na sléiḃte. Cuireaḋ an spéis ar fad ins na scannáin. go h-áiṫrid scannáin na paráiste.

Ḃuaiġ B.S.L. ar Baile an Droiċid, ag Maċaire Gálainn, seaċtain go Domhnaċ seo caite, le pointe aṁáin, rud a ċuir íontas ar ċuid ṁaiṫ den scaifte a ḃí i láṫair. Aċ, ceart go leor ḃí foireann B.S.L. go rí ṁaiṫ. Ċuir sé aṫrú ar an staid san léig coṁ maiṫ. mar tá trí ḟoirne anois a ḃfuil ceiṫre pointe an ceann acu. Tá ag na Siopadóirí agus Baile an Droiċid le h-imirt fós, agus tá Ard-Scoil ag fanaċt go crua leis an toraḋ mar má ċailleann Baile an Droiċid, fágfaiḋ sé an Ardscoil agus na Siopadóirí leis an cluiċe ceannais a imirt. Dé Doṁnaiġ seo ċaite a d'imir na Siopadóirí agus Baile an Droiċid.

TORAÍ

Tiġ an t-aṫrú ar na h-aṫraiṫe, agus b'é an t-aṫrú ba ṁó a ċonactas sa taoḃ tíre seo le fada an lá. Lasta de ġual a' dul isteaċ go h-Oileán Ṫoraí. Sin an rud a ṫárla an tseaċtain seo caite. Amuiġ ar tír mór a ḃíoḋ bunaḋ Ṫoraí ag saoṫrú a gcuid móna le fada an lá, agus leis an droċ ṡaṁraḋ anuraiḋ, ní ḃfuair siad mórán den ṁóin a ġiollaċt, agus ní ró ṁaiṫ a ṫiġ leo-san a ḃeiṫ a' ḋul amaċ 's isteaċ nuair a ṫiġ na laeṫa gairide, mar sin ḃí siad ar an gann ċuid den ṁóin i mbliana, agus tugaḋ isteaċ lasta den ġual go h-Oileán Ṫoraí an tseaċtain seo ċuaiġ ṫart. Dá n-inseofaí de na sean daoine leaṫ-ċéad bliain ó ṡin go dtiocfaḋ an lá a mbeiṫfí ag taḃairt guail isteaċ go Toraí, ní ċreidfeaḋ siad é.

Tá fáilte is fiċe anseo roiṁ Seosaṁ Ó Doṁnaill. O.S., a ceapaḋ ina ṗríoṁ-oide ar an scoil anseo. As paráiste Gaoṫ Dobair é, agus ċaiṫ sé dornán blianta i Meiriceá. Ṫáiniġ sé na ḃaile cúpla seaċtain ó ṡin ċuig tórraṁ a ḋeartrar, agus rinne sé suas a intinn fanaċt sa ḃaile. Ceapaḋ ina príoṁ-oide é, agus tá sé i mbun oibre i scoil Ṫoraí anois. Ḃain sé amaċ clú do ḟéin i Meiricea, agus tá an lúṫair ar bunaḋ paráiste Gaoṫ Dobair ⁊ ar ḃunaḋ Ṫoraí go ḃfuil sé arais sa ḃaile.

Tá na scadáin rud beag níos flúirsí fá Ḃéal Ṫoraí le seaċtain anuas, aċ san am ċéanna ní maiṫ an séasúr iascaireaċta a ḃí ann. Ḃí sé níos fearr fá ċoinne slata mara agus feamainn agus bailiú cuid ṁaiṫ fá'n ċósta.

SCRÚDÚ MÚINTEOIRÍ

Ins an scrúdú deireannaċ do ṁúinteoirí in 1963 ṫeip ar 17 as 117 a ċríoċnaiġ i gColáiste Pádraiġ, Druim Conraċ. Ṫeip ar 2 as an 240 a scrúdaíoḋ i gColáiste Ḋún Ċéiriġ, An Ċarraiġ Ḋuḃ. Ṫeip ar 3 as an 128 a scrúdaíoḋ i gColáiste Ṁuire gan Smál, Luimneaċ agus ṫeip ar 7 as an 31 a scrúdaíoḋ i gColáiste Eaglais na hÉireann. Níor ṫeip aċ ar ḋuine aṁáin, duine as Coláiste Ṗádraiġ, Druim Conraċ, i scrúdú deiriḋ na céad bliana.